

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

is éard atá i gceist le soláthar aonair a sholáthraíonn úinéir stábla le haghaidh capaill chomórtais oiliúna, arb éard atá ann stáblaíocht agus oiliúna a thabhairt do chapaill agus iad a bheith rannpháirteach i gcomórtais, ná soláthar seirbhísí lena mbreithniú, de réir bhrí na forála sin, áit a dtugann úinéir na gcapall luach saothair don tseirbhís sin trí 50 % den éileamh ar airgead do na buaiteoirí ó na duaiseanna a shannadh bíonn sé ina shealbhóir i gcás bua nó rangú úsáideach a chuid capall le linn comórtais.

⁽¹⁾ IO C 119, 14.3.2022

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Naoú Dlísheomra) an 9 Feabhra 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Retten i Esbjerg – an Danmhairg) – Skatteministeriet Departementet v Global Gravity ApS

(Cás C-788/21 ⁽¹⁾, Gobal Gravity)

(Tarchur chun réamhrialú – Aontas custaim – Tarraif Chustaim Choiteann – Aicmiú earraí – Ainmníocht Chomhcheangailte – Fo-cheannteidil 7616 99 90 agus 8609 00 90 – Tubular Transport Running-system (TubeLock) – Coincheap an “choimeádáin”)

(2023/C 112/13)

Teanga an cháis: an Danmhairgis

An chúirt a rinne an tarchur

Retten i Esbjerg

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Skatteministeriet Departementet

Cosantóir: Global Gravity ApS

An chuid oibríochtúil

Maidir le fo-cheannteideal 8609 00 90 den Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh 2658/87 (CEE) ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht tarraife agus staidrimh agus leis an gComhtharraf Chustaim sa leagan a thagann as Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1001/2013 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2013,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní áirítear leis an bhfo-cheannteideal sin gléas iompair píopaí atá comhdhéanta de roinnt péirí trasnán coinneála atá déanta as alúmanam, a leagtar go hingearach idir na píopaí atá á n-iompar, áit a bhfuil na péirí trasnán sin ceangailte le chéile trí bhithín dhá bharrá cóimeála cruach, atá feistithe le súilíní agus ar féidir píopaí eile a leagan in airde orthu ag baint úsáid as an bpróiseas céanna go dtí go socraítear líon na bpíopaí atá le hiompar san ualach, agus an t-ualach á chríochnú tar éis crocháin cruach a chrochadh ar na barraí cóimeála cruach sna ceithre choirnéal den ualach (trí na crocháin cruach a rith trí na súilíní sin), d'fhonn láimhseáil an ualaigh ina iomláine a éascú, ar ábhar é atá le fiosrú ag an gcúirt a rinne an tarchur.

⁽¹⁾ IO C 109, 7.3.2022.